



**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Tríú Dlísheomra) an 30 Aibreán 2026 (iarraidh ar réamhrialú ó
Tribunal de première instance francophone de Bruxelles – An Bheilig) – imeachtaí coiriúla i
gcoinne FR**

(Cás C-30/25 ⁽¹⁾, CESE agus páirtíthe eile)

**(Tarchur chun réamhrialú – Prótacal (Uimh. 7) ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh –
Airteagal 10 – Comhaltaí de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa – Díolúine a tharscaoileadh –
Comhalta ar tarscaoileadh a dhíolúine i gcomhthéacs imeachtaí breithiúnacha maidir le cionta coiriúla –
Athcheapadh mar chomhalta i gcomhthéacs téarma nua reachtach – Easpa riachtanais le díolúine a
tharscaoileadh as an nua i leith na ngníomhartha céanna)**

(C/2026/3381)

Teanga an cháis: an Fhraincis

An chúirt a rinne an tarchur

Tribunal de première instance francophone de Bruxelles

Páirtíthe sna príomhimeachtaí coiriúla

FR

idiragraithe: Auditeur du travail, ZT, GQ, KH, AN, FU, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

An chuid oibríochtúil

Maidir le hAirteagal 10 den Phrótacal (Uimh. 7) ar Phribhléidí agus Díolúintí, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 343 CFAE,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

i gcás inar tharscaoil Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa díolúine duine dá chomhaltaí i leith cionta coiriúla sonracha, ar an bhforas nach raibh tarscaoileadh den sórt sin contrártha do leasanna an Aontais, ní gá iarraidh nua ar tharscaoileadh díolúine a sheoladh chuig an gcomhlacht comhairleach sin i gcás inar ceapadh an duine lena mbaineann le haghaidh téarma oifige nua laistigh den chomhlacht comhairleach sin, i gcomhthéacs téarma nua reachtach, ar an gcoinníoll nár leathnaíodh ábhar na n-imeachtaí coiriúla idir an dá linn. Is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fhíorú an amhlaidh go dtagann na gníomhartha a líomhnaítear sna príomhimeachtaí faoin gcéad chinneadh a rinne Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa lenar tarscaoileadh an díolúine.

⁽¹⁾ IO C, C/2025/2509.